2015. AP 7T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2015*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 3 Meitheamh 2015
Tráthnóna, 2:00 p.m. go 4:00 p.m.

| *Don Fheitheoir amháin* |
|---|
| Stampa an Ionaid |

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo: 

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3, agus Ceist C4.
Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| *Don Scrúdaitheoir amháin* | | | | | *Marc* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | | | **Roinn A** | | |
| 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe. | | | **Roinn B** | | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | | | **Roinn C** | C1 | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | | | | C2 | |
| 5. An marc iomlán, má bronnadh bónas don Ghaeilge (3 móide 4). | | | | C3 | |
| 6. Creidiúint. | | | | C4 | |
| **Nóta:** Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Iomlán**. | | | **IOMLÁN** | | |

## *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar am duit na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt.
- An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar am duit na ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.
- An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ansin ba chóir duit ceist 10, a léifear ar an taifeadadh, a fhreagairt.

| ***Féadfaidh tú an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt.**

**1.** (a) Cé mhéad duine go garbh a bhí gan áit chónaithe in Éirinn in 2014? (1 mharc)

(b) Liostaigh **dhá** áit ina bhféadfadh duine atá gan áit chónaithe fanacht seachas codladh amuigh. (2 mharc)

1.

2.

(c) Cén fáth a ndeir an cainteoir gur ceist chasta í ceist na ndaoine gan áit chónaithe? (2 mharc)

**2.** Liostaigh **dhá** thoisc eacnamaíochta is cúis le daoine a bheith gan áit chónaithe. (2 mharc)

1.

2.

**3.** (a) De réir an chainteora, cad iad na híocaíochtaí éigeantacha breise atá le déanamh? (2 mharc)

1.

2.

(b) Cén fáth nach bhfuil go leor tithe ann ar féidir le daoine íoc astu? (2 mharc)

1.

2.

**4.** Liostaigh **dhá** ghrúpa daoine atá i mbaol mór a bheith gan áit chónaithe. (2 mharc)

1.

2.

**5.** (a) Cén rud a gcaithfidh na seirbhísí sóisialta a chinntiú go mbeidh sé ar fáil do dhaoine a fhágann cúram institiúide agus cúram altrama? (1 mharc)

(b) Cad iad na cineálacha deacrachtaí caidrimh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le duine baile an teaghlaigh a fhágáil? (2 mharc)

(c) Cén rud a bhíonn deacair a bhainistiú ag daoine a bhfuil meabhairghalar orthu nó deacrachtaí foghlama acu, nó andúil san alcól nó i ndrugaí eile acu? (1 mharc)

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.**

**6.** (a) *'Is duine gan áit chónaithe é duine nach bhfuil aon chóiríocht réasúnta aige nó aici chun cónaí ann.'* Cad as a dtagann an sainmhíniú seo? (1 mharc)

______________________________

(b) Cén fáth a ndeir an cainteoir nach bhfuil aon réiteach amháin ann a shásóidh cás gach duine atá gan áit chónaithe? (1 mharc)

______________________________

**7.** (a) Cén fáth a bhfuil níos mó teaghlach i mbaol a n-áit chónaithe a chailleadh ná riamh? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Cén fáth a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil dá lán teaghlach in áiteanna mar óstáin i mBaile Átha Cliath? (1 mharc)

______________________________

**8.** (a) Cén fáth nach bhfuil óstáin oiriúnach ar chor ar bith do theaghlaigh atá gan áit chónaithe? (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) De réir an chainteora, cad atá ag teastáil go práinneach chun réiteach a chur ar fáil do dhaoine atá gan áit chónaithe? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(c) Liostaigh **dhá** rud nach mór don rialtas a dhéanamh chun nach mbeidh daoine gan áit chónaithe. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**9.** (a) Cé hiad na grúpaí a mbeidh tacaíocht leanúnach ag teastáil uathu ionas go mbeidh siad in ann maireachtáil sa phobal agus a bheith rannpháirteach ann? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Cén rud is tábhachtaí a dhéanamh le cabhrú leis na daoine seo, dar leis an gcainteoir? (2 mharc)

______________________________

______________________________

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat den tríú huair, freagair ceist 10 a léifear ar an taifeadadh. Féadfaidh tú do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus/nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. (4 mharc)

Féadfaidh tú an spás seo a úsáid chun an cheist a scríobh síos.

________________________________________

________________________________________

Scríobh do fhreagra sa spás thíos, le do thoil.

Gníomh 1: __________________________________

________________________________________

Mínigh: __________________________________

________________________________________

________________________________________

Gníomh 2: __________________________________

________________________________________

Mínigh: __________________________________

________________________________________

________________________________________

# *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 Marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca taobh leis an bhfreagra ceart i ngach ceist.

**1.** In 2014, bhailigh na mílte duine i mBaile Átha Cliath chun agóid a dhéanamh i gcoinne an phlean é seo a thabhairt isteach

An Muirear Sóisialta Uilíoch ☐

An Cháin Mhaoine Áitiúil ☐

Muirir Uisce ☐



**2.** Is é is cócaon ann

Támhachán ☐

Spreagthach ☐

Siabhraigin ☐



**3.** Is féidir achomharc a dhéanamh leo seo faoi chinneadh a dhéanann údarás áitiúil maidir le hiarratas ar chead pleanála

An Bord Pleanála ☐

Homebond ☐

Teagasc ☐



**4.** Deirtear i mBunreacht na hÉireann nach ceadmhach d'Uachtarán na hÉireann níos mó ná an méid seo blianta a chaitheamh in oifig an Uachtaráin

Deich mbliana ☐

Ceithre bliana déag ☐

Ocht mbliana déag ☐



**5.** Cé acu ceann de na ráitis seo a leanas atá fíor?




Is féidir VEID / SEIF (*AIDS/HIV*) a fháil trí phóg ó dhuine ionfhabhtaithe ☐

Má tá máthair ionfhabhtaithe le VEID / SEIF, ní thabharfaidh sí an víreas dá leanbh sa bhroinn ☐

Ní fhaigheann duine bás den VEID / SEIF ach de cheann de na galair a fhaigheann sé/sí mar gheall ar an víreas ☐

**6.** Cén liosta míreanna díobh seo nach mór a bheith i Leabhar Cíosa?




| | | |
|---|---|---|
| Costas an chíosa | Dáta tosaithe na tionóntachta | Seoladh an árasáin nó an tí |
| Ainm an tionónta ☐ | Fad na tionóntachta ☐ | Dáta breithe an tionónta ☐ |
| An soláthraí leictreachais | Suim na héarlaise atá íoctha | Grianghraif den réadmhaoin |

**7.** Cuireann Aware seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ag maireachtáil leis seo

Bochtaineacht ☐

Andúil ☐

Dúlagar ☐

**8.** Cé acu ceann de na lógónna seo a leanas a sheasann don Aontas Eorpach?



☐



☐



☐

**9.** De réir rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní féidir le comhlachtaí árachais praghas difriúil ar árachas gluaisteáin a lua a thuilleadh bunaithe air seo

Aois an tiománaí ☐

Inscne ☐

Taithí tiomána ☐



**10.** Cé mhéad Teachta Dála (TD) a thoghtar do Dháil Éireann in olltoghchán?


146 ☐

156 ☐

166 ☐



**11.** Cén cineál cairte atá sa léaráid seo?




Píchairt ☐

Barrachairt ☐

Líne-chairt ☐

**12.** Cé acu ceann de na saillte seo a leanas is lú a chuireann le réim bia shláintiúil?

Saillte polai-neamhsháithithe ☐

Saillte sáithithe ☐

Saillte neamhsháithithe ☐



**13.** Cén duine díobh seo a leanas atá ina Tánaiste agus ina ceannaire ar Pháirtí an Lucht Oibre?



Mary Lou McDonald ☐



Joan Burton ☐



Frances Fitzgerald ☐


**14.** Is é an cur síos is fearr ar an Turasóireacht ná

Tionscal Seirbhíse ☐

Tionscal Tánaisteach ☐

Tionscal Príomhúil ☐

**15.** San atáirgeadh daonna, cruthaítear cúplaí comhionanna



Nuair a dhéanann speirmeacha ar leith dhá ubhán a thoirchiú chun beirt leanaí a chruthú ☐

Nuair a dhéanann dhá speirm ubhán amháin a thoirchiú agus nuair a scoilteann an t-ubhán ina dhá leath chun beirt leanaí a chruthú ☐

Nuair a dhéanann speirm amháin ubhán amháin a thoirchiú agus nuair a scoilteann an t-ubhán ina dhá leath chun beirt leanaí a chruthú ☐

## *Roinn C* (45 marc)

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **THRÍ** CHEIST

Caithfidh tú c**eist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4

**Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte** (15 mharc)

**1.**

**NECKNOMINATION – AN CLUICHE A LEANANN DROCHIARSMAÍ É**

Cluiche ólacháin ar líne é *Necknomination* a scaip ar fud na tíre anuraidh. Ba é aidhm an chluiche dúshlán ólacháin a fhreagairt agus duine a ainmniú ansin chun an rud céanna a dhéanamh. Dhéanadh na rannpháirtithe físeáin díobh féin ag ól méideanna móra alcóil go sciobtha. Chuirtí an físeán ar Facebook agus dhéantaí beirt eile 'a chlibeáil' chun an dúshlán a fhreagairt laistigh de 24 uair an chloig. Ós rud gur ar líne a bhí an dúshlán, bhí gné an phiarbhrú den chluiche i bhfad níos forleithne ná mar a bheadh i gcluichí traidisiúnta ólacháin. Bhí daoine ag iarraidh an chuma a chur orthu féin go raibh siad ar cóisir an t-am ar fad, sásta dúshláin a fhreagairt agus ag baint an-sult as. Ba é an t-ábhar imní ba mhó a bhí ann ná go mbeadh na híomhánna seo a postáladh tarraingteach do dhaoine óga soghonta a ólann. Bíonn cluichí ólacháin dainséarach i gcónaí, ach rinneadh iarracht leis an nós seo cuma normálta inghlactha a chur ar an ragús ólacháin. Rinneadh neamhaird den fhiríc go bhféadfadh drochiarsmaí leanúint as méideanna móra alcóil a ól i dtréimhse ghairid. Faraor, ghlac sé bás beirt óga le deireadh a chur leis an tóir ar an gcluiche seo.

(a) Cad is ragús óil ann? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhainséar, seachas an bás, atá ann do dhaoine a ghlacann páirt i gcluichí ólacháin. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(c) Mínigh an fáth a bhfuil sé tábhachtach tú féin a iompar go muiníneach má bhíonn tú faoi phiarbhrú. (1 mharc)

______________________________

______________________________

**2.**

| FÉINMHARÚ | DROCHÍDE SA TEAGHLACH | TOIRCHEAS NEAMHPHLEANÁILTE |
|---|---|---|
| Léiríonn sonraí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go gcuireann tuairim is milliún duine ar fud an domhain lámh ina mbás féin gach bliain. | Gach lá, bíonn na mílte fear agus bean á mbualadh, agus ag fulaingt drochíde síceolaíochta, ag a bpáirtithe. | In ainneoin an oideachais agus in ainneoin táirgí frithghiniúnacha a bheith ar fáil, bíonn toircheas neamhphleanáilte ann fós i measc lánúineacha. |

(a) Roghnaigh ceann **amháin** de na fadhbanna thuas. Ainmnigh eagraíocht dheonach **amháin** a chabhraíonn leis an bhfadhb seo. (1 mharc)

Fadhb:______________________________

Eagraíocht: ______________________________

(b) Déan cur síos ar shlí **amháin**, seachas comhairleoireacht, a mbíonn tionchar dearfach ag an eagraíocht seo ar an bhfadhb. (1 mharc)

______________________________

______________________________

(c) Bíonn cuid mhór daoine faoi strus nuair a bhíonn fadhbanna acu. Liostaigh **dhá** bhealach dhearfacha chun déileáil le strus. (1 mharc)

1.______________________________

2.______________________________

**3.** Tá sé an-deacair maireachtáil le **fadhbanna drugaí agus alcóil**. Nuair is tuismitheoir an duine a bhfuil fadhbanna drugaí agus alcóil aige/aici, cuireann sé isteach ar na leanaí agus is féidir leis an saol sa bhaile a bheith an-deacair. Is minic nach bpléitear fadhbanna drugaí agus alcóil i dteaghlaigh, amhail is nach raibh siad ag tarlú. Cuireann sé sin leis an bhfadhb mar coinnítear faoi rún é agus bíonn sé deacair do bhaill den teaghlach cabhair agus tacaíocht a lorg.



(a) Liostaigh **dhá** shlí a dtéann fadhbanna drugaí agus alcóil na dtuismitheoirí i bhfeidhm ar na leanaí. (2 mharc)

1.______________________________

______________________________

2.______________________________

______________________________

(b) Déan cur síos ar conas is féidir le daoine fásta a mbaile a dhéanamh slán do leanbh trí bliana d'aois. (1 mharc)

______________________________

______________________________

**4.**

**CROÍ Is é an Galar Cardashoithíoch an galar IS MÓ a mharaíonn mná in Éirinn.**

Ceapadh uair amháin gur 'galar fir' a bhí sa ghalar croí. Sa lá atá inniu ann, áfach,tá líon na ndaoine a fhaigheann bás de ghalar croí agus de stróc beagnach mar an gcéanna anois i gcás na bhfear agus na mban. Is feachtas é 'Croí na mBan' (*Women at Heart*) atá ag an gcarthanas croí agus stróc *Croí* chun mná a spreagadh le tús áite a thabhairt do shláinte a gcroí agus chun béim a leagan ar fhorleithne an ghalair chroí & an stróc i measc mhná na hÉireann.

- Gheobhaidh bean Éireannach amháin as gach beirt bás de ghalar cardashoithíoch.
- Tá seans 7 n-uaire níos mó ann go bhfaighidh bean bás de ghalar cardashoithíoch ná d'ailse chíche.
- Faigheann 5,000 bean Éireannach bás de ghalar cardashoithíoch gach bliain.
- Ciallaíonn sé sin 5,000 teaghlach gan mháthair, gan deirfiúr, gan aintín, gan seanmháthair – duine a bhfuil do chroí istigh inti!
- Sin bean amháin gach 2 uair an chloig ar an meán.

(a) Déan cur síos ar **dhá** rogha a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh ina stíl mhaireachtála chun baol an ghalar chroí agus an stróc a laghdú. (2 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

(b) Mínigh an fáth a bhfuil méadú tagtha ar líon na mban atá ag fáil bháis de ghalar croí agus de stróc. (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**5.**



Galar é **an murtall** ina mbailíonn an méid sin saille sa bhreis sa chorp go mbíonn drochthionchar aige ar an tsláinte. Mar náisiún, táimid ag éirí níos raimhre d'ainneoin an eolais agus na comhairle ar fad faoin gcothú atá ar fáil. Tá beagnach dhá thrian dínn róthrom nó murtallach. Tá 22% de na leanaí 5 - 12 bhliain d'aois róthrom nó murtallach. Cosnaíonn an murtall na milliúin i dtéarmaí sláinte, laghdú táirgiúlachta agus neamhláithreachta. Tá sé deacair cóir leighis a fháil don mhurtall agus is gá é a chosc.

(a) Cén fáth a bhfuil méadú sa ráta murtaill i measc leanaí, dar leat? (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(b) Cad a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun an murtall a chosc i sochaí na hÉireann? (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**Ceist C2: Mo Phobal** (15 mharc)

**1.** (a)



## AN LEABHARLANN

Cuireann gach leabharlann phoiblí leabhair ar fáil is féidir le baill den leabharlann a fháil ar iasacht.

Liostaigh **dhá** sheirbhís a chuireann leabharlanna poiblí ar fáil, seachas leabhair a thabhairt ar iasacht. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) **TIONSCNAMH POBAIL** Ag cruinniú pobail le déanaí, rinneadh comhghairdeas leo siúd a d'oibrigh go deonach chun dhá mhórthionscadal a dhéanamh i rith an tsamhraidh. Ba é an chéad tionscadal ná an Mhainistir Phroinsiasach áitiúil a ghlanadh. Ghlan foirne d'oibrithe deonacha eidhneán, caonach agus fásra eile ar shiúl chun struchtúr an fhoirgnimh stairiúil álainn seo a nochtadh. Ba í 'an Tochailt Mhór' an dara tionscadal. Cruthaíodh gairdín pobail ar phíosa talún nach raibh in úsáid. Bhronn siúinéirí áitiúla táblaí picnic agus threoraigh siad foireann d'oibrithe deonacha a rinne boscaí adhmaid do bhláthanna sa pháirc agus sna limistéir phoiblí den bhaile.



Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** don phobal a bhaineann le hobair dheonach agus ar bhuntáiste **amháin** don duine a dhéanann obair dheonach. (2 mharc)

Pobal: ______________________________

______________________________

Duine: ______________________________

______________________________

**2.** (a) Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach láithreacha stairiúla a chaomhnú agus a chosaint i do phobal. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** mhodh, seachas cuairt a thabhairt ar láithreacha stairiúla, a d'úsáidfeá chun a fháil amach faoi stair do phobail. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(c) Ón taighde a rinne tú faoi d'áit san am a chuaigh thart, déan cur síos ar athrú tábhachtach **amháin** a tharla i do cheantar. (1 mharc)

**3.**




Ní mór do gach údarás áitiúil plean forbartha a dhéanamh ina luaitear a pholasaí faoi úsáid na talún ina cheantar. Ní mór plean nua a dhéanamh gach sé bliana. Leagtar amach ann na cuspóirí forbartha don cheantar, ar a n-áirítear feabhsú na mbóithre, athnuachan ar cheantair phoiblí atá ligthe i léig agus feabhsú áiseanna. Sa phlean, déantar ceantair éagsúla a chriosú le haghaidh cineálacha éagsúla forbartha, 'ceantar cónaithe' nó 'ceantar tionscail', mar shampla. Ní cheadófar ach na cineálacha sin forbartha sna ceantair sin. Tá sé ríthábhachtach go nglacfadh saoránaigh páirt agus go gcuirfidís isteach aighneachtaí faoin bplean forbartha dá gceantar.

(a) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh saoránaigh páirt sna pleananna forbartha dá gceantar féin? (1 mharc)

(b) Roghnaigh moladh **amháin** a dhéanfá don phlean forbartha i do cheantar. (Cuir tic ✓ le do rogha)

Feabhsú na mbóithre ☐ Athnuachan ar cheantair phoiblí atá ligthe i léig ☐

Feabhsú áiseanna ☐

Mínigh conas a chuirfeadh sé sin fheabhas ar do cheantar. (1 mharc)

**4.** (a) Déan cur síos ar conas a gheofá amach faoi na dearcthaí atá ag do phobal i dtaobh forbartha atá beartaithe i do cheantar. (1 mharc)

(b) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfá agóid a dhéanamh i gcoinne forbartha atá beartaithe i do phobal. (1 mharc)

**5.**



Is é teachtaireacht na bliana 2015 do shealbhóirí tí agus do ghnólachtaí ná an méid dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú, na rátaí athchúrsála a mhéadú agus cur amú bia a chosc. Rinneadh sin mar chuid de phlean nua do bhainistíocht dramhaíola in Éirinn.

(a) Déan cur síos ar bhealach **amháin**, seachas athchúrsáil, ar féidir le gnáthdhaoine an méid dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú agus cosaint a thabhairt don timpeallacht ag an am céanna. (1 mharc)

(b) Ainmnigh eagraíocht **amháin** i do cheantar áitiúil a bhíonn ag obair chun an timpeallacht a chosaint. (1 mharc)

| **Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha** | (15 mharc) |
|---|---|

**1.** Meaitseáil na polaiteoirí seo leis an tír inar toghadh iad. (3 mharc)



David Cameron



Angela Merkel



Ewa Kopacz

| **Tír** | **Ainm an Pholaiteora** |
|---|---|
| An Pholainn | |
| An Ghearmáin | |
| An Ríocht Aontaithe | |

**2.** Roghnaigh **dhá** cheann díobh seo a leanas. Tabhair breac-chuntas ar fhreagracht **amháin** atá ar gach oifig díobh de réir dhlí na hÉireann. (2 mharc)

**Oifig an Taoisigh**

**Oifig Phaiteolaí an Stáit**

**Oifig Uachtarán na hÉireann**

Oifig: ______________________________

Freagracht: ______________________________

Oifig: ______________________________

Freagracht: ______________________________

**3.** (a)

**CINEÁLACHA RÉAMHCHLAONTA**

Ciníochas Seicteachas Homafóibe Aoiseachas

Roghnaigh réamhchlaonadh **amháin** ón mbosca thuas agus mínigh é. (1 mharc)

Réamhchlaonadh: ______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

(b) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh an réamhchlaonadh seo a bheith ag duine. (1 mharc)

______________________________

______________________________

(c) Déan cur síos ar bhealach **amháin** a bhféadfaí réamhchlaonadh a laghdú i do scoil nó i d'ionad. (1 mharc)


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**4.**

*'Ní aontaím lena bhfuil á rá agat ach cosnóidh mé go dtí an deireadh an ceart atá agat é a rá.'*

*Voltaire*



(a) Is ceart í nach mór a chosaint an tsaoirse cainte. Luaigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis seo. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(b) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh na meáin chumarsáide freagrach agus iad ag baint tairbhe as an gceart atá acu ar shaoirse cainte? (1 mharc)

______________________________________________________________________

**5.**

**Smachtbhannaí Pobail**

D'fhéadfadh sé go ngearrfaí smachtbhanna pobail ar leanbh a bhí sa chúirt agus a ciontaíodh i gcion coiriúil. Baintear úsáid as smachtbhannaí pobail in ionad an leanbh a chur faoi choinneáil agus ligtear don leanbh fanacht ina p(h)obal féin. Ní mór do na smachtbhannaí aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghníomhartha an linbh. Ar na smachtbhannaí is féidir a ghearradh tá seirbhís pobail, dianfheitheoireacht, meantóireacht agus ceartas aisiríoch. Bítear ag súil leis go dtabharfaidh na tuismitheoirí nó na caomhnóirí tacaíocht agus spreagadh don leanbh gan a bheith i dtrioblóid amach anseo. Is é an rud deireanach is cóir a dhéanamh le leanaí a chiontaítear i gcion coiriúil ná iad a chur faoi choinneáil.

(a) Cén fáth a bhfuil sé ar an rud deireanach is cóir a dhéanamh le leanbh a chiontaítear i gcion coiriúil é/í a chur faoi choinneáil? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(b) Déan cur síos ar ghníomh **amháin** atá á dhéanamh ag an rialtas chun an choiriúlacht a laghdú. (1 mharc)


______________________________________________________________________

(c) Déan cur síos ar ghníomh **amháin** a d'fhéadfadh do phobal a dhéanamh chun an choiriúlacht a laghdú. (1 mharc)

______________________________________________________________________

**Ceist C4: Ag Dul i gCúram Ruda** (15 mharc)

**1.** (a) Mínigh cén fáth a mbíonn tábhacht leis an dá ghné seo de theach thíos nuair a bhíonn teach á roghnú agat le glacadh ar cíos. (2 mharc)



Córas Teasa




Suíomh an tí

An ghné den teach: ______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

An ghné den teach: ______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

(b) Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le bogadh amach as teach do thuismitheora/chaomhnóra. (2 mharc)

Buntáiste: ______________________________

______________________________

Míbhuntáiste: ______________________________

______________________________

**2.**

Tá Pádraig agus Máire ag streachailt lena n-aisíocaíochtaí a dhéanamh ar a morgáiste le dhá bhliain anuas. Tá riaráistí morgáiste acu anois agus faigheann siad litreacha go rialta óna mbanc a chuireann in iúl dóibh go bhfuil siad i mbaol a dteach a chailleadh. Bhíodh Pádraig ag obair i dtionscal na tógála ach níl mórán oibre aige anois, agus gearradh siar ar uaireanta agus ar phá Mháire. Cheap siad ar dtús go dtiocfadh feabhas ar chúrsaí, ach níor tháinig. Bhí Máire ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as a cárta creidmheasa chun na billí a íoc. Chuaigh siad chuig an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) a chabhraigh leo buiséad a chur le chéile. Chomhairligh siad do Mháire gan úsáid a bhaint as a cárta creidmheasa. Scrúdaigh MABS conas a d'fhéadfaidís cur lena n-ioncam agus conas a d'fhéadfaidís a gcaiteachas a laghdú.

(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh teaghlach a gcaiteachas a laghdú. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(b) Cén fáth a gcomhairlíonn MABS gan na fiacha ar an gcárta creidmheasa a mhéadú? (1 mharc)

______________________________

______________________________

**3.** Ainmnigh agus mínigh **dhá** sheirbhís a chuireann an Post ar fáil, seachas an tseirbhís phoist.

(2 mharc)

Seirbhís: ____________________

Mínigh: ____________________

____________________

Seirbhís: ____________________

Mínigh: ____________________

____________________

**4.** Ar 1 Feabhra 2013 tugadh isteach dlíthe nua chun caighdeán na réadmhaoine atá ar fáil ar cíos a rialú. De réir dlí, tá ceart ag tionóntaí caighdeán ar leith cóiríochta a bheith acu.

Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil na dlíthe seo chomh tábhachtach sin. (2 mharc)

1. ____________________

____________________

2. ____________________

____________________

**5.** NUAIR A DHÉANANN DAOINE IARRATAS AR IASACHT A FHÁIL I GCOMHAR CREIDMHEASA, CAITHFIDH SIAD DOICIMÉID ÁIRITHE A CHUR AR FÁIL AGUS COINNÍOLLACHA ÁIRITHE A SHÁSAMH.

(a) Ainmnigh doiciméad **amháin** a bhíonn de dhíth nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar iasacht a fháil i gComhar Creidmheasa. (1 mharc)

____________________

(b) Ainmnigh riachtanas **amháin** nach mór duit a chomhlíonadh le bheith faofa le hiasacht a fháil ó Chomhar Creidmheasa. (1 mharc)

____________________

____________________

(c) Roghnaigh **dhá** ghné de chuntas reatha. Mínigh buntáiste **amháin** le gach gné díobh. (2 mharc)

**Dochar Díreach** | **Rótharraingt** | **Cárta Dochair** | **Pá-Chonair**

Gné: ____________________

Buntáiste: ____________________

____________________

Gné: ____________________

Buntáiste: ____________________

____________________

LEATHANACH BÁN